



An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre
Workplace Relations Commission

Ceartha Fostaíochta Oibrithe Séasúracha in Éirinn



Céard is Oibrí Séasúrach ann?

Is éard is oibrí séasúrach ann duine a oibríonn, ar feadh tréimhse theoranta, d'oibríocht shéasúrach in earnáil na gairneoireachta nó in earnáil na talmhaíochta go minic. Bíonn oibrithe ag obair in earnálacha eile freisin, earnáil na turasoireachta agus na tógála ina measc.

Tá fostaithe atá roghnaithe ag gníomhaireacht chun obair shéasúrach a dhéanamh sa chatagóir seo freisin.

Bíonn rochtain iomlán ag oibrithe atá i mbun obair shéasúrach ar fhorálacha dlí fostaíochta agus ar na téarmaí agus na coinníollacha fostaíochta a ráthaítear d'fhostaithe faoin dlí in Éirinn

Céard iad na cearta atá ag oibrithe séasúracha?

Tá na cearta agus na cosaintí céanna ag oibrithe séasúracha atá fostaithe go dleathach agus atá ag aon oibrí eile faoi dhlí na hÉireann. Mar achoimre, áirítear i measc cearta fostaíochta oibrithe séasúracha na rudaí seo a leanas:

- Ráiteas i scríbhinn faoi théarmaí agus coinníollacha fostaíochta nó conradh fostaíochta i scríbhinn agus ráiteas i scríbhinn de chúig phríomhthéarma a fháil laistigh de chúig lá tar éis tosú ar an obair
- Ráiteas pá i scríbhinn a fháil (Duillín Pá)
- An Pá Íosta Náisiúnta, ar a laghad, a bheith á íoc
- A bheith in ann leas a bhaint as Saoire Bhliantúil agus as laethanta saoire Poiblí
- Gan níos mó ná seachtain oibre 48 uair an chloig a bheith i gceist (ar an meán)
- Préimh a fháil le haghaidh obair a dhéantar ar an Domhnach
- A bheith in ann tairbhe a bhaint as sosanna/tréimhsí scíthe
- Fógra íosta a fháil roimh dhífhostú
- A bheith ag obair i dtimpeallacht oibre atá sábháilte agus sláintiúil
- An ceart chun príobháideachais agus chun gníomhaíochtaí fóillíochta pearsanta a dhéanamh
- A bheith cláraithe mar fhostaí leis na Coimisinéirí Ioncaim agus leis an Roinn Coimirce Sóisialaí
- Gan idirdhealú a dhéanamh i do choinne mar gheall ar inscne, stádas teaghlaigh nó stádas pósta shibhialta, aois, míchumas, cine, gnéaschlaonadh, creideamh, nó ballraíocht den lucht siúil
- Gan doiciméid phearsanta (amhail pasanna, aitheantas, ceadúnas tiománaí, etc.) a bheith á gcoimeád ag fostóirí
- Cearta comhionanna d'oibrithe páirtaimseartha, téarma sheasta agus gníomhaireachta
- Cosaintí speisialta do dhaoine óga atá fostaithe
- Teidlíochtaí máithreachais

D'fhéadfadh go sáródh fostóirí cearta dlíthiúla d'aon ghnó nó mar thoradh ar easpa eolais faoi oibleagáidí dlíthiúla. Mar sin féin, beag beann ar an gcaoi a dtarlaíonn sárúithe den sórt sin, d'fhéadfadh cionta a bheith i gceist a bhféadfadh ionchúiseamh fostóirí a bheith dá mbarr.

Cén cineál íocaíochta a bhfuil fostaí i dteideal a fháil?

Is é an Pá Íosta Náisiúnta an ráta íosta seasta de réir dlí in aghaidh na huaire a chaithear a íoc le fostaí agus braitheann an ráta ar aois agus arthaithí an fhostaí. Ní chuireann sé sin srian ar fhostóirí ná ar fhostaithe a chomhaontaíonn ar ráta atá níos airde ná an ráta íosta reachtúil. Seo a leanas na rátaí reatha (ón 1 Eanáir 2024):

Aois	Ráta in aghaidh na hUaire	% den Phá Íosta Náisiúnta (NMW)
Under 18	€8.89	70% NMW
18 mbliana d'aois	€10.16	80% NMW
19 mbliana d'aois	€11.43	90% NMW
Pá Íosta Náisiúnta	€12.70	100% NMW

Má roinntear an pá comhlán ar iomlán na n-uaireanta oibre, cinntear an ráta in aghaidh na huaire a íoctar le fostaí. Is féidir na liúntais seo a leanas le haghaidh cothaithe agus/nó lóistín a áireamh sa phá comhlán sa chás go bhfuil a leithéid á gcur ar fáil ag fostóir d'fhostaí

- Cothú amháin: €1.14 in aghaidh na huaire an chloig oibrithe
- Lóistín amháin: €30.00 in aghaidh na seachtaine, nó €4.28 in aghaidh an lae

Céard iad na rialacha a bhaineann le huaireanta oibre?

Ní fhéadfaidh an mheánseachtain oibre uasta d'oibrithe séasúracha a bheith níos faide ná 48 uair an chloig. Ní chuireann sé seo srian 48 uair an chloig ar aon seachtain oibre. Mar sin féin, má bhaineann an meánfhigiúr le tréimhse 4 mhí, ní cheadaítear uaireanta oibre seachtainiúla atá níos faide ná 48 uair an chloig.

Tá préimh iníoctha le haghaidh uaireanta a oibrítear ar an Domhnach. Mura n-áirítear é sin sa ráta pá, ní mór d'fhostóir ceann amháin nó níos mó díobh seo a thabhairt le haghaidh obair a dhéantar ar an Domhnach: liúntas, méadú pá in aghaidh na n-uaireanta oibrithe ar an Domhnach nó am saor ón obair le híocaíocht.

Tá fostaí i dteideal sos 15 nóiméad tar éis tréimhse oibre 4½ uair an chloig agus sos 30 nóiméad má oibrítear níos mó ná 6 uair an chloig, agus is féidir an chéad sos 15 nóiméad a chur san áireamh. Ní gá na sosanna sin a íoc agus ní cuid den am oibre iad.

Céard iad na taifid a chaithfidh fostóir a choimeád?

Ceanglaítear ar gach fostóir taifid mhionsonraithe a choimeád i ndáil le gach fostaí. Ní mór don fostóir na taifid seo a choimeád ar feadh trí bliana. Is cion é mainneachtain na taifid seo a choimeád agus d'fhéadfadh ionchúiseamh a bheith dá bharr:

- Uimhir chlárúcháin an fhostóra leis na Coimisinéirí Ioncaim
- Ainmneacha, seoltaí agus uimhreacha UPSP fostaithe
- Dátaí tosaithe / foirceanta fostaíochta
- Téarmaí fostaíochta/conradh i scríbhinn agus ráiteas i scríbhinn de chúig phríomhthéarma
- Taifid de shaoire bhliantúil agus laethanta saoire poiblí a tógadh
- Uaireanta oibre (amanna tosaithe agus críochnaithe san áireamh)
- Sonraí párolla agus duillíní pá
- Clár d'aon fhostaithe atá faoi 18 mbliana d'aois
- Sonraí maidir le haon chothú agus lóistín a cuireadh ar fáil
- Ceadanna fostaíochta nó fianaise ar chead inimirce sonracha a cheadaíonn do náisiúnaigh neamh-LEE obair a dhéanamh

D'fhéadfadh na taifid sin a bheith ag teastáil i gcás imscrúdú a bheadh á dhéanamh ag Cigire an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre.

Mar fhostóir, tá Loga Taifead ár bhFostóirí ar fáil chun cabhrú leat na príomhthaifid a theastaíonn de réir an dlí a choinneáil agus is féidir an Loga a íoslódáil saor in aisce ónár suíomh gréasáin.

Cén eolas eile atá riachtanach má tá mé ag teacht go hÉirinn chun obair a dhéanamh?

Más náisiúnach neamh-LEE thú, d'fhéadfadh Cead Fostaíochta a bheith ag teastáil uait.

Teastaíonn cead fostaíochta ó náisiúnach neamh-LEE, ach amháin i gcásanna sonracha áirithe, chun dul i mbun fostaíochta in Éirinn. Páirteach in LEE (An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch) tá Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus an Íoslainn, an Iorua agus Lichtinstéin.

Tá iarratais ar cheadanna fostaíochta faoi réir reachtaíochta maidir le ceadanna fostaíochta ina sonraítear critéir nach mór a chomhlíonadh, ag brath ar an socrú fostaíochta agus ar an gcineál cead fostaíochta a chuirtear i bhfeidhm in Éirinn faoi láthair a chiallaíonn nach bhfuil cead fostaíochta ann i láthair na huair le haghaidh socruithe fostaíochta séasúracha.

Láimhseálann Rannóg Ceadanna Fostaíochta na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta eisiúint agus riarachán Ceadanna Fostaíochta thar ceann an Stáit óna hoifigí in Ionad Phort an Iarla, Sráid Haiste Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, DO2 PWO1.

Tá tuilleadh eolais maidir le Ceadanna Fostaíochta (daoine a bhfuil cead ag teastáil uathu, conas iarratas a dhéanamh, táillí, etc.) ar fáil ar Rannóg Ceadanna Fostaíochta shuíomh gréasáin na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Ní mór d'fhostaí nó d'fhostóir úsáid a bhaint as an tairseach ar líne chun iarratas a dhéanamh ar Chead Fostaíochta nua, nó chun cead reatha a athnuachan. Tá an tairseach ar líne le fáil ag <https://epos.djei.ie/>

Is uimhir thagartha uathúil í UPSP a shanntar duit a chabhraíonn leat sochair leasa shóisialaigh a fháil agus ní mór duit an uimhir a chur ar fáil do d'fhostóir nuair a chuireann tú tús le do chuid oibre. Is féidir teacht ar eolas maidir le conas UPSP a fháil ar an suíomh gréasáin gov.ie – Faigh Uimhir Seirbhíse Poiblí Pearsanta (UPSP) (www.gov.ie) Nuair atá UPSP faighte agat, is féidir leat clárú leis na Coimisinéirí Ioncaim chun críocha cánach tríd an nasc seo a leanas a úsáid [myAccount \(ros.ie\)](https://www.gov.ie/en/my-account)

Gearáin

Ba cheart gearáin maidir le cearta fostaíochta agus comhionannas a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre. Féadfaidh éisteacht Breithneora nó cigireacht á déanamh ag cigire de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) a bheith mar thoradh ar ghearáin. Ba cheart gearáin a bhaineann le cúrsaí Sláinte & Sábháilteachta san áit oibre a dhéanamh leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA).

Ceisteanna Coitianta

Céard a tharlaíonn má tá éiginnteacht ann maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil duine ina fostaí nó ina fhostaí?

Déantar an cheist i dtaobh duine a bheith ina fhostaí nó ina fostaí a chinneadh go ginearálta tríthagairt a dhéanamh d'fhorálacha na reachtaíochta fostaíochta reatha agus dlí bunaithe na gconarthaí. Ní hionann úsáid a bhaint as ainmnithe cosúil le "Au Pair" nó tuairiscí eile ar shocruithe idir páirtithe toilithe astu féin agus fianaise gur ann do chonradh fostaíochta. Thabharfadh duine a chomhlíonann dualgas do dhuine eile mar mhalairt ar íocaíochtle fios go láidir go bhfuil gaol conarthach ann. Má tá ceist ann i dtaobh an fostaí an duine nó an bhfuil an duine féinfhostaithe, tá treoir ar fáil sa Chód Cleachtais maidirle Stádas Fostaíochta nó Féinfhostaíochta Daoine a Chinneadh.

Má íocaim €150 in aghaidh na seachtaine le m'fhostaí, cé mhéad uair an chloig is féidir leis an bhfostaí sin a bheith ag obair?

Chun an t-uasmhéid uaireanta is féidir le fostaí a bheith ag obair go dlíthiúil a ríomh ag an íosráta reachtúil agus an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta a chomhlíonadh, ba cheart an pá comhlán móide an liúntas cuí le haghaidh cothaithe agus/nó lóistín a roinnt ar ráta cuí an Phá Íosta Náisiúnta don fhostaí. Is oibleagáid dhlíthiúil atá le comhlíonadh ag fostóirí é taifead de na huaireanta an chloig oibrithe a choimeád. Is sárú ar an Acht um Pá Íosta Náisiúnta a bheith ag obair níos mó ná na huaireanta an chloig atá sonraithe sa tábla:

Aois	Cónaí in áit éigin eile & gan béilí
Faoi 18	16.87 uair
18 mbliana d'aois	14.76 uair
19 mbliana d'aois	13.12 uair
Pá Íosta Náisiúnta	11.81 uair

Ní dhéileáiltear sa tábla seo ach le huaireanta oibre ceadaithe ag na híosrátaí iomchuí; ní chuireann sé seo srian ar fhostóirí ná ar fhostaithe teacht ar chomhaontú maidir le ráta pá atá níos airde ná an t-íosráta.

Ba mhaith liom labhairt le duine éigin faoi mo chás féin ach níl mé ag iarraidh go mbeidh a fhios ag m'fhostóir?

Pléifidh cigirí an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) aon ghearáin ó oibrithe séasúracha faoi rún agus, más gá, ar bhonn anaithnid. Ní dhéanfaí aon ghníomhartha a d'éileodh ar an bhfostaí é nó í féin a chur in aithne dá fhostóir nó dá fostóir ach amháin le toiliú an fhostaí. Is féidir le fostaithe teagmháil a dhéanamh le WRC ag an uimhir 0818 80 80 90 nó trí ríomhphost inspection@workplacelrelations.ie

D'fhéadfadh na sonraí teagmhála seo a leanas a bheith úsáideach freisin:

Faisnéis do Shaoránaigh - tá oifigí le fáil ar fud na tíre, agus soláthraíonn an tseirbhís seo eolas maidir le seirbhísí agus teidlíochtaí poiblí agus is féidir teagmháil a dhéanamh leis an tseirbhís ag an uimhir 0761 07 4000 (Luan go hAoine, idir 9am agus 8pm) nó ag www.citizensinformation.ie

Eagraíochtaí d'oibrithe imirceacha cosúil le hIonad Chearta na nImirceach in Éirinn (01 889 7570 nó info@mrci.ie) a d'fhéadfadh a bheith in ann eolas agus cúnamh a chur ar fáil. Tá EURES Éireann (Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta) páirteach i líonra de bhreis is 1,000 comhairleoir EURES ar fud na hEorpa. Cuireann Comhairleoirí EURES seirbhísí eolais, treorach agus earcaíochta ar fáil do chuardaitheoirí poist agus d'fhostóirí araon ar spéis leo margadh fostaíochta na hEorpa. Cuireann comhairleoirí EURES seirbhísí comhairle agus socrúcháin réamhimeachta ar fáil d'oibrithe taistil atá ag teacht go hÉirinn le bheith ag obair.

Sula bhfágann tú Éire, ba cheart duit na deiseanna fostaíochta atá ar fáil in Éirinn a fhiosrú agus comhairle agus faisnéis réamhimeachta a lorg ó Chomhairleoir EURES i do thír féin agus ó cheann de na Comhairleoirí EURES atá lonnaithe in Éirinn.

Tá seirbhísí sheirbhís fostaíochta na hÉireann (tabhair faoi deara go mb'fhéidir go mbeadh Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) ag teastáil chun tairbhe a bhaint as aon cheann de na seirbhísí a thairgeann Intreo) ar fáil saor in aisce do náisiúnaigh den AE nó den LEE. Tá tuilleadh eolais le fáil ag www.euresireland.ie

Sonraí teagmhála/tuilleadh eolais

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre www.workplacelrelations.ie Íosghlao: 0818 80 80 90 Ba cheart do ghlaiteoirí ó thar lear glaoch ar an uimhir +353 59 917 8990

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta www.hsa.ie Íosghlao: 0818 289 389 (idir 9am agus 5pm, Luan go hAoine) Ríomhphost: wcu@hsa.ie Ba cheart do ghlaiteoirí ó thar lear glaoch ar an uimhir +353 1 614 7000

Tá seirbhís éigeandála lasmuigh d'uaireanta oifige ar fáil. I gcás mórdhíobhála/báis lasmuigh de ghnáthuaireanta gnó (idir 9:00am agus 12:30pm), is féidir le glaoiteoirí glaoch ar an uimhir 0818 289 389 agus tabharfar rogha dóibh labhairt leis na Póilíní (An Garda Síochána) a chuirfidh scéala chuig cigire sinsearach de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta.

Nuashonrú deiridh Eanáir 2024

